Leagan 1.2
Dáta: Meán Fómhair 2023

An Coimisiún um Rialáil Fóntas
Commission for Regulation of Utilities

# Fógra Príobháideachta maidir leis an Earcaíocht

San Fhógra Príobháideachta seo, tugtar treoir agus faisnéis d'iarrthóirí a dhéanann iarratas ar phost le bheith fostaithe sa Choimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) maidir leis an bpróiseáil a dhéanann an CRU ar a gcuid sonraí pearsanta.

Chun folúntais a líonadh, déanann an CRU an fhaisnéis phearsanta a thugann tú dúinn i do cháil mar iarrthóir poist a bhailiú agus a úsáid. Tá an CRU tiomanta do chosaint agus d'urramú an phríobháideachais agus tá leagtha amach san Fhógra Príobháideachta seo an bonn ar a ndéanaimid na sonraí pearsanta a bhfaightear uait nó a chuireann tú ar fáil dúinn a phróiseáil. Baineann an Fógra Príobháideachta seo le faisnéis phearsanta fút a bhaineann leis an bpróiseas iarratais ar phost agus a dhéanaimid a bhailiú, a úsáid nó a phróiseáil ar aon bhealach eile.

Léigh an Fógra Príobháideachta seo go cúramach chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcaithimid le do shonraí pearsanta agus ar an úsáid a mbainimid astu. Tabhair do d'aire, le do thoil, go n-admhaíonn tú gur léigh tú an Fógra Príobháideachta, gur thuig tú é agus go n-aontaíonn tú leis seo trí iarratas ar phost a chur isteach chuig an CRU.

## Cé muidne

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) rialtóir neamhspleách fuinnimh agus uisce na hÉireann agus tá raon leathan de fhreagrachtaí eacnamaíocha, cosanta custaiméirí agus sábháilteachta aige. Próiseálfaidh an CRU, mar rialaitheoir sonraí, do shonraí pearsanta chun na gcríocha agus ar an modh atá leagtha amach thíos, agus ní ach amháin mar sin. Leis an méid atá leagtha amach ann, tá cur síos déanta ar na bearta a ghlacaimid lena chinntiú go ndéantar do shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le dlíthe cosanta sonraí, le rialacháin agus le treoirlínte infheidhme an AE, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do Rialachán (AE) 2016/679 (dá ngairtear an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí nó GDPR) agus aon leasuithe ina dhiaidh sin; an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus aon reachtaíocht um chosaint agus príobháideachas sonraí ina dhiaidh sin; agus aon treoirlínte agus cóid chleachtais arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nó ag údarás maoirseachta eile maidir leis an gcosaint sonraí in Éirinn (dá ngairtear le chéile "An Dlí um Chosaint Sonraí").

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí an CRU maidir le haon cheisteanna a bhaineann le do shonraí pearsanta ag dataprotection@cru.ie.

## An fhaisnéis a phróiseálaimid fút

Próiseálfaidh an CRU do shonraí pearsanta chun críocha na hearcaíochta agus socrúchán post, fógra a thabhairt maidir le deiseanna fostaíochta amach anseo, anailís acmhainní daonna agus, maidir le hiarrthóirí a n-éiríonn leo, chun críocha fostaíochta. Tá na sonraí pearsanta a phróiseálaimid, bunús na próiseála agus críocha na próiseála sonraithe thíos. Uaireanta, déanann tríú páirtithe na gníomhaíochtaí seo, mar atá leagtha amach thíos.

Molaimid duit gan ach amháin an t-eolas atá tú compordach leis a sholáthar. Go háirithe, níor chóir catagóirí speisialta sonraí pearsanta a sholáthar ach amháin nuair a iarrtar go sonrach ort é sin a dhéanamh. I measc na gcatagóirí speisialta sonraí sin tá an nochtadh sonraí: bunús ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnachta, ballraíocht reiligiúnach, páirtí nó ceardchumainn, chomh maith le sonraí maidir le sláinte, cód géiniteach, andúil nó saol gnéis an duine agus sonraí a bhaineann le ciontuithe, cinntí maidir le pionóis, fíneálacha agus cinntí eile arna n-eisiúint in imeachtaí cúirte nó riaracháin.

Faightear an chuid is mó de na sonraí pearsanta a phróiseálaimid uait nuair a chuireann tú isteach iarratas ar phost chuig an CRU ach faighimid sonraí pearsanta fút freisin le linn an phróisis iarratais agus measúnaithe (mar shampla, le linn agallaimh nó i gcomhfhreagras ginearálta). Is féidir cineálacha eile sonraí pearsanta a fháil ó thríú páirtithe, lena n-áirítear, mar shampla, gníomhaireachtaí earcaíochta nó moltóirí.

| Catagóirí de Shonraí Pearsanta | Samplaí de na chineálacha de Shonraí Pearsanta a Bhailímid |
|---|---|
| **Sonraí Pearsanta / Aitheantais** | Céadainm, sloinne, teideal agus faisnéis eile a chuirtear ar fáil i do CV |
| **Sonraí um eolas teagmhála** | Ríomhphost, fón póca / uimhir ghutháin, seoladh |
| **Stair oideachais agus oibre** | Aon fhaisnéis atá i CVanna agus i ndoiciméid bhreise ina bhfuil sonraí pearsanta (lena n-áirítear litir chumhdaigh / iarratais, dioplómaí, teastais) de réir mar a sholáthraíonn iarratasóirí iad i ndáil lena gcúlra oideachais agus fostaíochta, lena n-áirítear a gcuid cáilíochtaí gairmiúla, scileanna, a oiliúint atá faighte acu, sonraí faoin fhostaíocht roimhe seo agus moltóirí. |
| **Measúnacht** | • Sonraí maidir le freagraí ar cheisteanna scagtha<br>• Tástálacha síciméadracha (mar shampla tástáil breithiúnais dálaí, tástáil cumais nó pearsantachta) Meastóireacht ar agallaimh a rinneadh le hiarratasóirí (duine le duine, ar an teileafón nó agallaimh físeáin) |
| **Scagadh réamhfhostaíochta** | • Seiceálacha ar theistiméireachtaí faoi do charachtar<br>• Seiceáil cáilíochtaí<br>• Saoránacht / Cruthúnas incháilitheachta chun dul i mbun oibre in Éirinn<br>• Deimhniú feidhmiúlacht chun oibre |
| **Eile (más bainteach)** | • Píosaí scannánaíochta TCI<br>• Iarratais ar chúiteamh<br>• Sonraí faoi chatagóir speisialta i gcás go bhféadfadh go mbeidh gá le coigeartuithe le linn agallaimh nó tástála |

## Cén fáth a n-úsáidimid do chuid faisnéise

Tá meas iomlán againn ar do cheart chun príobháideachais agus ní bhaileoimid nó ní phróiseálfaimid do chuid sonraí pearsanta ach amháin le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí ag seo a leanas (bonn dleathach):

### An gá le caidreamh conarthach a bhunú leat

Tá próiseáil na sonraí pearsanta riachtanach chun bearta a ghlacadh chun conradh a dhéanamh leat. Bailítear sonraí pearsanta chun poist fholmha a líonadh agus chun fostaithe a fhostú agus a íoc.

### An riachtanas dúinn cloí le hoibleagáidí dl

Ní mór don CRU do shonraí pearsanta a phróiseáil freisin chun ár bhfreagrachtaí reachtúla a fhorchuirtear leis an reachtaíocht a chomhlíonadh: • Oibleagáidí i réimsí na fostaíochta; • Do chearta faisnéise a chomhlíonadh; • Iarrataí ceangailteacha ó chomhlachtaí rialála a chomhlíonadh; agus • Orduithe cúirte a ndéantar in imeachtaí sibhialta nó coiriúla a chomhlíonadh.

### Ag baint úsáid as 'Sonraí Catagóir Speisialta' íogaire

Tá cead ag an CRU sonraí pearsanta catagóir speisialta a bhailiú agus a phróiseáil gan cead sainráite an iarratasóra a éileamh in imthosca teoranta áirithe. I measc na n-imthosca sin sa chás go bhfuil gá ann le próiseáil chun críocha aon cheart nó oibleagáid a fheidhmiú nó a chomhlíonadh a thugtar nó a fhorchuirtear le dlí ar an CRU nó ar an duine aonair maidir leis an fhostaíocht nó leis an dlí leasa shóisialaigh; chun críocha árachais agus pinsin; chun cumas oibre a mheas; le haghaidh leigheas coisctheach nó ceirde; nó chun críche comhairle dlí nó imeachtaí dlíthiúla.

### Sa chás go bhfuil cead tugtha agat dúinn (is féidir leat é a tharraingt siar tráth ar bith)

- Próiseáil a dhéanamh ar 'Shonraí Catagóir Speisialta' íogair eile chun a bhreithniú cibé an bhfuil gá dúinn coigeartuithe cuí a sholáthar le linn an phróisis earcaíochta nó nach bhfuil, mar shampla an bhfuil gá coigeartuithe réasúnacha a dhéanamh le linn tástála nó agallaimh nó nach bhfuil agus teagmháil a dhéanamh leat chun aon choigeartuithe den sórt sin a phlé.
- Do shonraí pearsanta a choinneáil ionas gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leat i gcás go mbíonn folúntas poist ann amach anseo.

Nuair a iarraimid ar do thoiliú, cuirfimid níos mó eolais ar fáil duit maidir le conas a úsáidfimid do chuid sonraí ag brath ar an toiliú sin, lena n-áirítear tríú páirtithe lena bhfuilimid ag iarraidh do thoiliú chun do chuid sonraí a roinnt leo. Tabhair do d’aire, le do thoil, nach mbeidh aon fheidhm aige sin ar phróiseáil atá bunaithe ar thoiliú a tugadh sular aistarraingíodh é sa chás go n-aistarraingítear toiliú.

### Chun do leasanna ríthábhachtacha a chosaint

Féadfar go mbeidh sé riachtanach don CRU sonraí pearsanta a phróiseáil chun leas ríthábhachtach duine a chosaint (mar shampla i gcás éigeandála leighis).

### Chun ár n-eagraíocht a reáchtáil ó lá go lá

Is ionann freagrachtaí bainistíochta an CRU agus na freagrachtaí sin atá riachtanach do ghnáthfheidhmiú gnó na heagraíochta, ionas gur féidir:

- Do chuid faisnéise a thiomsú agus a phróiseáil chun críocha iniúchta, staidrimh nó tuairiscithe (lena n-áirítear, i gcásanna áirithe, do shonraí a dhéanamh anaithnid).
- An tslándáil a sholáthar agus an choireacht a chosc agus a bhrath lena n-áirítear TCI a úsáid inár n-áitreabh.
- Ár ngnóthaí dlí agus comhlíonta a bhainistiú agus a riar.

## Do shonraí pearsanta a roinnt.

Ní roinnimid aon chuid de do shonraí pearsanta ach amháin sna cásanna teoranta a bhfuil cur síos déantar orthu ag seo. Beidh ar an CRU do chuid faisnéise pearsanta a roinnt go hinmheánach agus b'fhéidir go mbeidh ort í a roinnt le tríú páirtithe seachtracha.

Roinntear do chuid faisnéise pearsanta go hinmheánach chun críocha earcaíochta ach tá an fhaisnéis a roinntear teoranta do na rudaí a n-éilítear ar gach duine aonair chun a ról a chomhlíonadh sa phróiseas earcaíochta. Cuimsítear leis seo an fhoireann AD agus iadsan atá ina mball de chuid an phainéil roghnúcháin agus / nó agallaimh agus an fhoireann shinsearach a mbeadh freagracht bhainistíochta acu i do leith nó a bheadh freagrach as polasaithe agus riachtanais chonarthacha.

Sa chás go bhfaightear tairiscint mar gheall ar d'iarratas agus go nglacann tú le tairiscint poist, coinneofar do chuid faisnéise pearsanta i mbunachar sonraí fostaithe an CRU agus roinnfear cuid de na sonraí sin leis na feidhmeanna inmheánacha seo a leanas, de réir mar is gá: TFC, Airgeadas & Saoráidí.

Beidh ar an CRU do chuid faisnéise a roinnt le tríú páirtithe áirithe lena n-áirítear:

- Tríú páirtithe seachtracha a sholáthraíonn seirbhísí earcaíochta, agallaimh iarrthóra agus measúnaithe. Faoi láthair, soláthraíonn CPL seirbhísí earcaíochta thar ceann an CRU. I gcásanna teoranta, féadfar don CPL tríú páirtithe breise a úsáid chun tástáil shíciméadracha a chur ar fáil;
- Comhaltaí seachtracha na mbord agallaimh;
- Institiúidí acadúla (ollscoileanna, coláistí, srl.) chun an fhaisnéis a chuir tú ar fáil a bhailíochtú;
- Fostóirí a bhí agat roimhe seo chun do stair fhostaíochta a bhailíochtú; agus
- Oifig an Phríomhoifigigh Leighis (OPL) chun deimhniú feidhmiúlacht chun oibre a fháil roimh duit tosú sa phost (http://cmo.gov.ie/pre-employment-medical-forms/ ).

Sa chás go ndéanfar tairiscint mar thoradh ar d'iarratas agus dá nglacfá le post, roinnfear do chuid faisnéise pearsanta le tríú páirtithe a sholáthraíonn córais oibriúcháin agus theicniúla agus tacaíocht agus cothabháil feidhmchlár thar ceann an CRU ar nós próiseálaithe párolla, soláthraithe bainistíochta costais, soláthraithe seirbhísí taistil, cuideachtaí slándála, soláthraithe pinsin, árachóirí, soláthraithe seirbhíse córais TFC, soláthraithe cothabhála TFC, soláthraithe forbartha bogearraí, soláthraithe stórála agus scriosta doiciméad, clódóirí, cúiréirí, iniúchóirí agus comhairleoirí lena n-áirítear comhairleoirí dlí.

Déanfaimid aon tríú páirtí a úsáidimid a sheiceáil chun a chinntiú go bhfuil ráthaíochtaí leordhóthanacha tugtha acu maidir le rúndacht agus slándáil do shonraí pearsanta. Beidh conarthaí scríofa déanta againn leo ina dtabharfar dearbhuithe maidir leis na cosaintí a thabharfaidh siad do do shonraí pearsanta agus go gcomhlíonfaidh siad lenár gcaighdeáin slándála sonraí agus lenár srianta aistrithe idirnáisiúnta chomh maith.

## Do chuid faisnéise a phróiseáil lasmuigh den LEE

Stóráiltear do chuid faisnéise ar chórais shábháilte laistigh den CRU agus le soláthraithe stórála faisnéise slán. Féadfar dúinn faisnéis fút a aistriú chuig ár soláthraithe seirbhíse agus eagraíochtaí eile lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), nó féadfar dúinn an t-aistriú faisnéise sin a cheadú, más rud é, agus ní ach amháin más rud é, go n-aontaíonn siad go ngníomhóidh siad de réir

ár dtreoracha agus go gcosnófar do chuid faisnéise ar an gcaighdeán céanna agus a bhfuil feidhm leis san LEE.

Maidir le haistrithe do shonraí pearsanta chuig tríú páirtithe lasmuigh den LEE, glacaimid céimeanna breise de réir an Dlí um Chosaint Sonraí. Cuirfimid cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le cosaint do phríobháideachais, do chearta agus do shaoirsí bunúsacha, agus fheidhmiú do chearta, m.sh. bunóimid leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí trí Chlásail Chaighdeánacha Chonartha an AE bunaithe ar chlásail mhúnla Choimisiún an AE.

## Cén fhad a gcoinnímid do chuid faisnéise agus conas a choimeádaimid slán í

Braitheann an fad ama a gcoinnímid do shonraí ar roinnt tosca éagsúla, mar shampla:

- An cineál sonraí atá againn fút.
- Cibé an bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ann na sonraí a choinneáil ar feadh íostréimhse sonraithe nó nach bhfuil.
- Cibé an bhfuil bunús leasa phoiblí ann chun na sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse sonraithe nó nach bhfuil.
- Sa chás go bhfuil cúis mhaith fianaise-bhunaithe ann chun na sonraí a choinneáil ar feadh tréimhse sonraithe.

Mar riail ghinearálta, coinnímid do chuid faisnéise ar feadh tréimhse sonraithe tar éis an dáta a bhfuil d'idirghníomhaíocht linn críochnaithe. Coinneofar sonraí d'iarratasóirí nár éirigh leo laistigh den chóras earcaíochta ar feadh tréimhse 12 mhí sula scriosfar iad ionas gur féidir linn freagra a thabhairt ar iarratais tuairiscithe reachtúla. Coinneofar sonraí d'iarratasóirí ar éirigh leo fostaíocht a bhaint amach ina dhiaidh sin ar feadh 6 bliana tar éis dheireadh na fostaíochta sin, (seachas taifid seirbhíse le haghaidh pinsin). Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann ina síneofar an tréimhse seo, i.e. éilítear le reachtaíocht a bhaineann le saoire do thuismitheoirí taifid den sórt sin a choinneáil ar feadh 8 mbliana.

Feidhmíonn agus úsáideann an CRU bearta slándála teicniúla agus fisiciúla cuí chun do shonraí pearsanta a chosaint. Tá bearta slándála cuí glactha againn chun do shonraí pearsanta a chosaint ó dhíothú trí thimpiste nó ó dhíothú neamhdhleathach, ó chaillteanas, ó athrú, ó nochtadh neamhúdaraithe nó ó rochtain. Ní thugtar rochtain ach amháin ar bhonn riachtanais do dhaoine a bhfuil sé de dhualgas orthu do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil. Ina theannta sin, roghnaítear ár soláthraithe seirbhíse go cúramach lena chinntiú go bhfuil leibhéal cuí bearta teicniúla, eagrúcháin agus slándála acu.

## Do chearta faisnéise a fheidhmiú

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith áirithe le do chearta faoin Reachtaíocht um Chosaint Sonraí (más infheidhme):

| An ceart | Céard is brí leis? | Conas a dhéanaim an ceart seo a fheidhmiú? | Coinníollacha maidir lena fheidhmiú? |
|---|---|---|---|
| Cearta maidir le sonraí pearsanta atá míchruinn nó neamhiomlán | Is féidir leat agóid a chur síos i gcoinne cruinnis nó iomláine na sonraí pearsanta a phróiseálaimid fút. Más rud é go bhfaightear amach go bhfuil sonraí | Ba chóir iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an CRU ag dataprotection@cru.ie Más féidir, ba chóir duit na cúiseanna | Ní bhaineann an ceart seo ach le do chuid sonraí pearsanta féin. Agus an ceart seo á fheidhmiú agat, bí chomh sonrach agus is féidir. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | pearsanta míchruinn nó neamhiomlán ann, beidh tú i dteideal na sonraí míchruinne a bhaint, a cheartú nó a chomhlánú, de réir mar is cuí. | lena bhfuil na sonraí pearsanta mícheart nó neamhiomlán a shonrú | |
| An ceart rochtana | Faoi réir coinníollacha áirithe, tá tú i dteideal rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta atá inár seilbh (tugtar "iarratas ar rochtain ábhar sonraí" air seo de ghnáth). | Ba chóir iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an CRU ag dataprotection@cru.ie Más féidir, ba chóir duit an cineál faisnéise ar mian leat a fheiceáil a shonrú, lena chinntiú go mbeidh tú sásta leis an fhaisnéis a nochtfaimid duit. | Ní mór dúinn a bheith in ann do chéannacht a fhíorú. Féadfar nach ndéanfadh d'iarratas difear do chearta agus do shaoirsí daoine eile, m.sh. cearta príobháideachais agus rúndachta fostaithe eile. D'fhéadfadh d'iarratas teacht faoi réir díolúintí áirithe; m.sh. an phribhléid ghairmiúil dhlíthiúil. |
| An ceart chun cur i gcoinne an phróiseáil sonraí a dhéanaimid nó an phróiseáil sonraí sin a shrianadh | Faoi réir coinníollacha áirithe, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta nó iarraidh orainn próiseáil do shonraí a shrianadh. | Ba chóir iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an CRU ag dataprotection@cru.ie | Níl feidhm leis an gceart seo ach amháin má tá próiseáil do shonraí pearsanta riachtanach ar bhonn leas an phobail nó ar bhonn leasa dlisteanaigh. Ní mór na hagóidí a bheith bunaithe ar fhorais a bhaineann le do chás ar leith (m.sh. go ndéantar damáiste nó crá) agus níor chóir go mbeadh siad cineálach ionas gur féidir linn a léiriú go bhfuil forais dhleathacha ann dúinn do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil. |
| An ceart chun sonraí pearsanta a scriosadh | Tá tú i dteideal do shonraí pearsanta a scriosadh (ar a dtugtar an *"Ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad"*) ar fhorais áirithe agus faoi réir | Ba chóir iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an CRU ag dataprotection@cru.ie | Tá cúiseanna dleathacha éagsúla ann nach féidir linn do shonraí pearsanta a scriosadh. Féadfar feidhm a bheith aige seo (i) i gcás ina gcaithfimid oibleagáid |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | coinníollacha áirithe, m.sh. nuair a cheapann tú go bhfuil an fhaisnéis atá á próiseáil againn míchruinn, nó go bhfuil an phróiseáil neamhdhleathach. | | dhlíthiúil a chomhlíonadh, (ii) i gcás éilimh dhlíthiúla a fheidhmiú nó a chosaint, nó (iii) i gcás ina mbaineann tréimhsí coinneála le dlí (m.sh. mar atá leagtha amach sa reachtaíocht) nó de bhua polasaithe coinneála sonraí an CRU |
| An ceart toiliú a tharraingt siar | Tá sé de cheart agat do thoiliú maidir le haon phróiseáil a bhfuil tú tar éis toiliú a thabhairt ina leith a tharraingt siar. | Ba chóir iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an CRU ag dataprotection@cru.ie | Má aistarraingíonn tú do thoiliú, ní bheidh éifeacht leis seo ach amháin sa todhchaí. Ní dhéanfaidh sé difear do dhlíthiúlacht na próiseála bunaithe ar do thoiliú sular tarraingíodh siar é. |
| An ceart chun iniomparthachta sonraí | Faoi réir coinníollacha áirithe, tá tú i dteideal na sonraí a chuir tú ar fáil dúinn agus a phróiseálaimid trí mhodhanna uathoibrithe a fháil, i bhformáid inléite a úsáidtear go coitianta. | Ba chóir iarratais a chur isteach i scríbhinn chuig Oifigeach Cosanta Sonraí an CRU ag dataprotection@cru.ie Más féidir, ba chóir duit an cineál faisnéise ar mian leat a fháil a shonrú, lena chinntiú go mbeidh tú sásta leis an fhaisnéis a nochtfaimid duit. | Ní bheidh feidhm ag an gceart seo ach amháin má tá an phróiseáil bunaithe ar bhonn do thoilithe nó ar bhonn do chonartha agus nuair a dhéantar an phróiseáil trí mhodhanna uathoibrithe (m.sh. ní i gcás taifid pháipéir). Ní bhíonn feidhm aige ach amháin maidir le sonraí pearsanta a chuir tusa iad "ar fáil". Ní bhaineann sé le sonraí pearsanta ar chruthaigh CRU iad, de ghnáth. |

Má dhéanann tú d'iarratas go leictreonach (mar shampla trí ríomhphost), cuirfimid an fhaisnéis ábhartha ar fáil go leictreonach, nuair is féidir, ach amháin má iarrann tú a mhalairt orainn.

Tá dualgas orainn freagra a thabhairt gan mhoill mhíchuí. I bhformhór na gcásanna, freagróimid laistigh d'aon mhí féilire ach amháin más rud é nach féidir linn déileáil le d'iarratas go hiomlán laistigh d'aon mhí féilire mar gheall ar chastacht na n-iarratas nó ar líon na n-iarratas. Is féidir leat cabhrú linn freagra a thabhairt ar d'iarratas trí aon sonraí breise a chur isteach a bheadh de chuidiú dúinn do chuid faisnéise a aimsiú - mar shampla; an cineál sonraí pearsanta atá i gceist, dátaí ábhartha, an uimhir thagartha chuí nó na himthosca ina bhfuair an CRU do chuid sonraí pearsanta.

Tá teimpléid ar fáil ag an CRU a d'fhéadfaí a eisiúint chugat chun cabhrú le d'iarratas a fhreagairt. Is féidir go n-iarrfar ort freisin fianaise ar d'aitheantas a thabhairt chun a chinntiú nach dtugtar faisnéis phearsanta don duine mícheart.

**Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nó le húdarás maoirseachta eile.**

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí ag https://www.dataprotection.ie/docs/Contact-us/b/11.html

| | |
|---|---|
| **Teileafón:** | +353 (0)761 104 800 nó Uimhir Íosghlao 1890 252 231 |
| **Facs:** | +353 57 868 4757 |
| **R-phost:** | info@dataprotection.ie |
| **Seoladh poist:** | An Coimisiún um Chosaint Sonraí, Teach na Canála,<br>Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise R32 AP23<br>nó 21 Cearnóg Mhic Liam Baile Átha Cliath 2, D02 RD28 |

## Conas teagmháil a dhéanamh linn agus lenár Oifigeach Cosanta Sonraí

Má tá aon cheist agat faoin bhfógra seo nó faoin bhfaisnéis phearsanta atá agat sa CRU go ginearálta, lena n-áirítear ceisteanna maidir le conas rochtain a fháil ar do chuid faisnéise pearsanta nó conas í a cheartú, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí ag

| | |
|---|---|
| **Ar Líne:** | https://www.cru.ie/home/about-cru/privacy |
| **Teileafón**: | +353 (0)1 4000800 |
| **R-phost**: | dataprotection@cru.ie |
| **Seoladh poist:** | CRU, Grain House, An Malartán, Tamhlacht,<br>Baile Átha Cliath 24, D24 PXW0, Éir |

## Athruithe ar an bhfógra seo

Déanfaimid an Fógra Príobháideachta seo a nuashonrú ó am go chéile. Cuirfear aon athruithe ar fáil ar an ngréasán seo
leathanach agus, nuair is cuí, fógra a thabhairt duit trí ríomhphost nó nuair a dhéanann tú teagmháil arís leis an CRU.

## Leasuithe leis an fhógra seo

Déanfaimid an Fógra Príobháideachta seo a nuashonrú ó am go chéile. Cuirfear aon leasuithe a dhéantar ar fáil ar an leathanach gréasáin seo agus, nuair is cuí, cuirfear ar an eolas tú trí ríomhphost nó nuair a théann tú i dteagmháil leis an CRU arís.